**An Chomhairle Eorpach**

**An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**EUCO 8/17**

**CO EUR 8**
**CONCL 3**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (22 agus 23 Meitheamh 2017)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Dhírigh an Chomhairle Eorpach inniu ar an Eoraip a neartú agus saoránaigh na hEorpa a chosaint trí bhearta éifeachtacha a ghlacadh leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus an comhbheartas slándála agus cosanta a fhorbairt, le forbairt eacnamaíoch na hEorpa a áirithiú ar na saolta domhandaithe seo, le dul i ngleic leis an imirce agus le teorainneacha seachtracha na hEorpa a chosaint. Is mar Aontas tréan teanntásach is fearr a fhéadfar na luacha agus na leasanna atá againn a chur chun cinn, tacú le córas iltaobhach a bheidh bunaithe ar rialacha, agus ár gcomhpháirtithe a spreagadh le beartas dearfach aeráide a chur ar bun. Cuideoidh a leithéid freisin le cruth a chur ar phróiseas an domhandaithe ionas gur féidir leas a bhaint as margaí oscailte agus cosaint á tabhairt ag an am céanna ar chleachtais éagóracha, agus na caighdeáin shóisialta, chomhshaoil, sláinte agus tomhaltóra, arb iad dlúth agus inneach na beatha san Eoraip iad, á gcur chun cinn. Thug an Chomhairle Eorpach ómós do Helmut Kohl, saoránach oinigh de chuid na hEorpa, a cailleadh ar an 16 Meitheamh 2017.*

## I. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

### *An tslándáil inmheánach agus an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta*

1. Is mian leis an gComhairle Eorpach na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le deireanas a cháineadh go géar. Seasaimid an fód, gualainn ar ghualainn, in éadan na sceimhlitheoireachta, an fhuatha, agus antoisceachas an fhoréigin. Ní dhearna na gníomhartha seo ach a chinntiú go seasfaimid leis an rún docht daingean atá againn comhar a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ionas go gcuirfimid feabhas ar an tslándáil inmheánach: fearfaimid cogadh ar scaipeadh an radacaithe ar líne, déanfaimid comhordú ar an obair atá idir lámha againn chun cur i gcoinne antoisceachas an fhoréigin agus chun é a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar an ídé-eolaíocht a bhaineann leis, cuirfimid maoiniú na sceimhlitheoireachta de dhroim seoil agus éascóimid malartuithe gasta, spriocdhírithe faisnéise idir na húdaráis forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear le comhpháirtithe iontaofa, agus cuirfimid feabhas ar idir-inoibritheacht idir bunachair sonraí.

2. Tá a gcuid féin den fhreagracht ar lucht tionscail maidir le cuidiú leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht ar líne a chomhrac. De bhreis ar an obair a rinne fóram idirlín an Aontais, tá an Chomhairle Eorpach ag súil go ndéanfaidh lucht tionscail fóram tionscail a bhunú agus teicneolaíocht agus uirlisí nua a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar an gcaoi a ndéantar inneachar a ghríosaíonn daoine chun gníomhartha sceimhlitheoireachta a dhéanamh a brath go huathoibríoch agus a bhaint. Is ceart na bearta ábhartha reachtacha ar leibhéal an Aontais a bheith ina gcomhlánú ar an méid sin, más gá. Iarrann sí go dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis na córais sin a chuireann ar chumas na sceimhlitheoirí cumarsáid a dhéanamh le chéile ar bhealaí nach bhféadfaidh na húdaráis inniúla rochtain a fháil orthu, amhail criptiú ó cheann go ceann, agus coimirce á tabhairt ag an am céanna do na sochair a théann leis na córais sin maidir le príobháideachas, sonraí agus cumarsáid a chosaint. Measann an Chomhairle Eorpach go bhfuil rochtain éifeachtach ar fhianaise leictreonach bunriachtanach leis an gcoireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus gur cheart infhaighteacht sonraí a áirithiú, faoi réir coimircí iomchuí.

3. Leis an gcomhaontú maidir leis an gcóras dul isteach/imeachta, a bhfuiltear ag súil go luath leis, agus le bailchríoch ar an gcóras Eorpach um fhaisnéis agus údarú taistil (ETIAS) faoi dheireadh na bliana, réiteofar an bealach leis an dá chóras a chur chun feidhme go pras, agus cuirfear feabhas, dá bhrí sin, ar an rialú ag teorainneacha seachtracha agus ar an tslándáil inmheánach, agus dálaí sonracha na mBallstát sin nach bhfuil acquis Schengen á chur i bhfeidhm ina iomláine go fóill acu á gcur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún dréachtreachtaíocht a réiteach an túisce is féidir leis na tograí a rinne an sainghrúpa ardleibhéil um idir-inoibritheacht a achtú.

4. Ní mór dúinn dlús a chur leis na hiarrachtaí comhchoiteanna atá ar siúl againn eolas a roinnt faoi throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus faoi dhaoine a ndearnadh radacú níos gaire do bhaile orthu agus bearta beartais agus dlí a thabhairt chun cinn leis an mbagairt sin a bhainistiú.

5. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh gníomhartha sceimhlitheoireachta.

***Slándáil sheachtrach agus cosaint***

6. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an athuair go bhfuil sí tiomanta dó comhar an Aontais a neartú maidir le slándáil sheachtrach agus cosaint ionas go dtabharfar cosaint don Aontas gona shaoránaigh agus ionas go gcuideofar leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht a chur i réim ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin. Tá bua ar leith ag an Aontas san obair seo, lena bhfuil de chumais taidhleoireachta agus shibhialta aige. Mar a dúradh i gconclúidí an 18 Bealtaine agus an 19 Meitheamh 2017 ón gComhairle, tá an-dul chun cinn déanta maidir le straitéis dhomhanda an Aontais i réimse na slándála agus na cosanta agus an dearbhú comhpháirteach a shínigh ceannairí an Aontais agus ceannairí ECAT i Vársá a chur chun feidhme. Tá fíorthábhacht ag baint leis an gcaidreamh trasatlantach agus leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT do chúrsaí slándála go ginearálta, agus cuireann siad ar ár gcumas freagairt do bhagairtí athraitheacha slándála lena n-áirítear cibearbhagairtí, bagairtí hibrideacha agus an sceimhlitheoireacht. Is mór ag an gComhairle Eorpach gur bunaíodh Ionad Barr Feabhais Eorpach i Heilsincí le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha. Ag an gcomhdháil ardleibhéil maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint, a tíolacadh i bPrág ar an 9 Meitheamh 2017 cuireadh béim ar an gcomhlántacht idir an tAontas agus ECAT agus a riachtanaí atá sé dlús a chur le hiarrachtaí na hEorpa ár dtaighde, ár n-acmhainní agus ár n-oibríochtaí i réimse na cosanta a neartú.

7. Má táthar leis an leibhéal is uaillmhianta, a d'fhormheas Comhairle Eorpach mhí na Nollag 2016, a bhaint amach, is den chéadriachtanas é go ndéanfadh na Ballstáit tionscadail chumais a chomhaontú agus a fhorbairt chun na móreasnaimh reatha a leigheas agus teicneolaíochtaí na haimsire anonn a fhorbairt. Is mór ag an gComhairle Eorpach an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta, ciste a mbeidh dhá chuid ann: colún don taighde agus colún don chumas, agus tá sí ag súil gur gearr go gcuirfear i bhfeidhm é. Tá an Chomhairle Eorpach ag iarraidh go dtiocfaí ar chomhaontú go beo maidir leis an togra lena mbunófar an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta, le go bhféadfar an clár a chur chun feidhme gan mhoill, sula bhféadfar díriú ar chláir níos cuimsithí sa mheántéarma. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit tionscadail oiriúnacha chumais a shainaithint don Chiste Eorpach Cosanta agus don Chlár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit tuilleadh oibre a dhéanamh maidir le roghanna le haghaidh cumais a sholáthar go comhpháirteach laistigh den Chiste Eorpach Cosanta, bunaithe ar shásraí fónta maoinithe. Is é an cuspóir atá ann cumais a chur ar fáil, bonn maith iomaíoch nuálach cothrom a chur faoin tionscal cosanta Eorpach ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí chomhar trasteorann agus trí rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide, agus cuidiú leis an gcomhar méadaithe Eorpach i réimse na cosanta, go háirithe trí leas a bhaint as na sineirgí atá ann agus trí thacaíocht ón Aontas a chur ar fáil anuas ar an maoiniú a dhéanfaidh na Ballstáit. Má táthar le forbairt thionsclaíoch a dhéanamh i réimse na cosanta san Eoraip, caithfidh tacaíocht ón Aontas a bheith ann freisin don infheistíocht a dhéanfaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí (lárchaipitlithe) idirmheánacha i réimse na slándála agus na cosanta. I ndáil leis an méid sin, meabhraíonn an Chomhairle Eorpach gur iarr sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta céimeanna a scrúdú lena bhféadfaí tacú le hinfheistíocht i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse na cosanta.

8. D'fhonn slándáil agus cosaint na hEorpa a neartú, i dtimpeallacht dhúshlánach gheopholaitiúil na linne, agus d'fhonn an leibhéal is uaillmhianta, a léirítear i straitéis dhomhanda an Aontais, a bhaint amach, aontaíonn an Chomhairle Eorpach gur gá buanchomhar struchtúrtha (PESCO) a sheoladh, agus é cuimsitheach, uaillmhianach. Laistigh de thrí mhí, ullmhóidh na Ballstáit liosta de chritéir agus de ghealltanais cheangailteacha, a bheidh ag teacht go huile agus go hiomlán le hAirteagal 42(6) agus le hAirteagal 46 CAE agus le Prótacal 10 a ghabhann leis an gConradh sin - go háirithe ag féachaint leis na misin is deacra amuigh a chomhlíonadh - agus tráthchlár beacht agus sásraí sonracha measúnaithe ag gabháil leis ionas go mbeidh na Ballstáit arb acmhainn dóibh sin in ann fógra a thabhairt gan mhoill go bhfuil sé ar intinn acu a bheith rannpháirteach. Ní mór don obair sin a bheith comhsheasmhach le pleanáil agus gealltanais cosanta náisiúnta na mBallstát a chomhaontaigh na Ballstáit lena mbaineann faoi chuimsiú ECAT agus na Náisiún Aontaithe. Ba cheart tionscadail agus tionscnaimh chomhoibritheacha nithiúla a shainaithint freisin chun tacú leis na spriocanna, na gealltanais agus na critéir atá ag PESCO ar bhonn comhchoiteann.

9. Le go neartófar bosca uirlisí an Aontais don mhearfhreagairt, aontaíonn an Chomhairle Eorpach gur cheart do shásra Athena, atá faoi bhainistiú an Aontais, costas imscartha na gcathghrúpaí a iompar mar chomhchostas, ar bhonn buan. Áitíonn sí ar an gComhairle freisin dlús a chur leis an obair atá á déanamh aici maidir le freagrúlacht níos fearr a chothú sa bhainistiú géarchéime sibhialtaí.

10. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar na saincheisteanna sin ag ceann de na chéad chruinnithe eile a bheidh aici.

## II. COMHAONTÚ PHÁRAS MAIDIR LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go mór go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit tiomanta dó Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go beo agus go beacht, cuidiú le comhlíonadh na spriocanna a leagtar amach ann do mhaoiniú na troda in aghaidh an athraithe aeráide agus leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide. Tá Comhaontú Pháras fós mar chloch choirnéil ag na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar fud an domhain dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus ní fhéadfar é a athchaibidil. Is príomheilimint é an comhaontú ar mhaithe le tionsclaíocht agus geilleagar na hEorpa a nuachóiriú. Tá fíorthábhacht ag baint leis freisin i dtaobh Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme; anois agus an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt glactha, a bhfuil clár oibre níos leithne á shaothrú ag an am céanna aige, cuirfear tuilleadh le gnóthú an chuspóra seo. De léiriú ar an dlúthpháirtíocht leis na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh agus ar an bhfreagracht i leith an phláinéid uile ógh, feabhsóidh an tAontas gona Bhallstáit an comhar a dhéanann siad leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta faoi chuimsiú Chomhaontú Pháras, go háirithe leis na tíortha sin is leochailí cás. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún breathnú ar na bealaí uile lena mbainfí amach na spriocanna sin. Leanfaidh an tAontas den dlúthchomhar atá aige leis na gníomhaithe neamh-Stáit uile, ar lorg an dea-shampla a cuireadh ar fáil sa chlár oibre gníomhaíochta domhanda ar son na haeráide.

## III. POIST, FÁS AGUS IOMAÍOCHAS

12. Tá poist, fás agus iomaíochas ag teastáil ón Eoraip. Is forbairt dhearfach é an fás eacnamaíoch a bheith ar ais arís sna 28 mBallstát uile agus ní mór an méid sin a chomhdhlúthú. Phléigh an Chomhairle Eorpach an chaoi leis an leas is fearr a bhaint as an acmhainn atá sa mhargadh aonair agus sa trádáil agus sa tionscal chun na críche sin, agus é á áirithiú ag an am céanna go rachaidh na forbairtí sin chun sochair do gach cuid den tsochaí.

***An margadh aonair***

13. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an athuair a thábhachtaí atá sé margadh aonair dea-fheidhmiúil a bheith ann gona cheithre shaoirse ar mhaithe le fás a chothú, poist a chruthú, agus infheistíochtaí agus nuálaíocht a chur chun cinn. Leis an leagan amach atá curtha ag na comhreachtóirí ar chúrsaí, beifear in ann an-dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an chuspóra chomhpháirtigh atá ann, mar atá: na straitéis éagsúla atá ann a chur i gcrích agus chun feidhme idir seo agus 2018. Ach tá bearnaí fós ann a gcaithfear díriú arís orthu. Dá bhrí sin, is mian leis an gComhairle Eorpach béim ar leith a leagan air gur gá don Aontas gona Bhallstáit tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh má tá siad leis an leibhéal is uaillmhianta, dá dtagraítear i gconclúidí mhí an Mheithimh, a bhaint amach a mhéid a bhaineann leis an margadh aonair, lena n-áirítear maidir le seirbhísí, an margadh aonair digiteach, aontas na margaí caipitil agus an t-aontas fuinnimh, lena n-áirítear idirnaisc. Ós amhlaidh atá, is mór ag an gComhairle Eorpach an t-athbhreithniú meántéarma atá déanta ag an gCoimisiún ar an margadh aonair digiteach agus ar an bplean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil. Caithfear an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme in am agus i dtráth agus í a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr má táthar le tairbhe a bhaint as margadh aonair na hEorpa. Cuirfidh an Chomhairle tuarascáil faoi bhráid Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an margadh aonair gona ghnéithe éagsúla a dhoimhniú, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. D’fhonn féachaint níos faide ná bailchríoch a chur ar straitéisí éagsúla an mhargaidh aonair agus forbairt i dtreo margadh aonair cothrom a sheasfaidh an aimsir, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint dá mharana maidir le bealaí nuálacha a bhféadfaí díriú ar na deiseanna agus ar na dúshláin nua a bheidh ann amach anseo, agus ar na bacainní a gcaithfear fós dul dá ndroim.

14. Anois agus an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha measta go grinn ag an gComhairle Eorpach, iarrann sí ar na reachtóirí teacht ar chomhaontú go gasta maidir leis an gciste a leathnú agus a threisiú.

15. De bhreis ar chonclúidí mhí na Bealtaine 2017 ón gComhairle, ina n-iarrtar go mbeadh straitéis beartais tionsclaíochta ann amach anseo, is mian leis an gComhairle Eorpach béim a chur ar an ról bunriachtanach atá ag lucht tionscail mar spreagthóirí don fhás, don fhostaíocht agus don nuálaíocht san Eoraip. I gcomhréir leis na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, iarrann sí go ndéanfaí gníomhaíocht nithiúil chun bonn tionsclaíoch láidir, iomaíoch a áirithiú don mhargadh aonair.

***Trádáil***

16. Saothróidh an tAontas beartas láidir trádála a urramóidh córas iltaobhach trádála atá oscailte agus bunaithe ar rialacha, agus ról lárnach ag EDT ann. Creideann an tAontas go mór go gcuidíonn an trádáil le rachmas agus le poist a chruthú, agus dá bhrí sin, coinneoidh an tAontas oscailte a chuid margaí agus cuirfidh sé comhrac ar an gcaomhnaitheacht. Déanfaidh sé clár oibre uaillmhianach trádála a chur chun cinn go gníomhach os comhair an tsaoil. Chun na críche sin, féachfaidh sé lena chinntiú go mbeidh cothrom ceart na Féinne le fáil ag cách, agus beidh sé ar an airdeall maidir leis na príomhchaighdeáin a bheith á n-urramú agus á gcur chun cinn, lena n-áirítear na caighdeáin shóisialta, chomhshaoil, sláinte agus tomhaltóra, arb iad dlúth agus inneach na beatha san Eoraip iad.

17. Tá an Chomhairle Eorpach cinnte glan nach bhféadfaidh trádáil agus infheistíocht a bheith saor gan iad a bheith cothrom, agus chun tairbhe do chách. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú go beo i dtaobh ionstraimí cosanta trádála nua-aimseartha a bheidh comhsheasmhach le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála, a chuirfidh le cumas an Aontais dul i ngleic le cleachtais éagóracha, idirdhealaitheacha trádála agus saobhadh margaidh. Iarrann sí ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar na hionstraimí sin a chur i bhfeidhm go tapa agus go héifeachtach trí bhearta neamhreachtacha cur chun feidhme ionas gur frithghníomhaí agus gurb éifeachtúla a bheidh cleachtais trádála agus ionstraimí cosanta an Aontais, agus bearta comhlántacha a mholadh, más gá. Iarrann sí freisin ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an díospóireacht a dhoimhniú agus a thabhairt ar aghaidh maidir leis an gcaoi ar féidir an chómhalartacht a fheabhsú i réimsí an tsoláthair phoiblí agus na hinfheistíochta. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di an tionscaimh ón gCoimisiún maidir le leas a bhaint as an domhandú agus, inter alia, anailís a dhéanamh ar infheistíochtaí ó thríú tíortha in earnálacha straitéiseacha, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú go hiomlán ag an am céanna. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist sin ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

18. Is mian leis an gComhairle Eorpach ugach a thabhairt don dul chun cinn maidir leis an gcaibidlíocht uile atá ar siúl faoi láthair i dtaobh comhaontuithe uaillmhianacha cothromaithe saorthrádála a chur i gcrích, comhaontuithe le Meicsiceo, le Mercosur agus le réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise ina measc, agus an chómhalartacht agus sochair fhrithpháirteacha mar threoirphrionsabail ag an gcaibidlíocht sin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh le gairid sa chaibidlíocht leis an tSeapáin, a d'fhéadfadh an bealach a réiteach do chomhaontú polaitiúil.

***An Seimeastar Eorpach***

19. Ó tharla glacadh ginearálta ag an gComhairle Eorpach leis na moltaí comhtháite tír-shonracha a pléadh sa Chomhairle, is féidir bailchríoch a chur anois ar Sheimeastar Eorpach 2017.

## IV. AN IMIRCE

20. Tá an Chomhairle Eorpach fós tiomanta don chur chuige cuimsitheach atá ag an Aontas i leith na himirce, don rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais chun na sreafaí neamhdhleathacha a stopadh agus a chosc, agus don athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, agus tá sí fós tiomanta freisin do chur chun feidhme iomlán, neamh-idirdhealaitheach an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc gona ghnéithe éagsúla agus i ndáil leis na Ballstáit ar fad. Leanfaimid de bheith san airdeall ar bhealaí uile na himirce, bealach na mBalcán Thiar san áireamh. Coinneoimid orainn agus sinn ag cur le cumais oibríochtúla an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus na ngníomhaireachtaí eile agus ag baint úsáid iomlán as na cumais sin. Le rialú éifeachtach ag na teorainneacha seachtracha, ba cheart go mbeifí in ann deireadh a chur leis na rialuithe sealadacha ag teorainneacha inmheánacha.

21. Is dúshlán struchtúrach, agus is mór agus is práinneach an t-údar imní fós é go bhfuil daoine ag fáil bháis agus sreafaí imirceach ar imircigh eacnamaíocha den chuid is mó iad fós ag sní feadh bhealach na Meánmhara Láir. Beidh ar an Aontas gona Bhallstáit smacht a fháil arís ar chúrsaí ionas nach rachaidh an ghéarchéim dhaonnúil in olcas. Chun na críche sin ní mór dóibh gníomh deimhneach a dhéanamh anois agus dlús a chur leis an gcomhordú ar na heilimintí go léir atá i nDearbhú Mhálta, sa chreat comhpháirtíochta agus i bPlean Gníomhaíochta Comhpháirteach Vaileite, agus beart a dhéanamh de réir an bhriathair atá iontu, agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais a chur mar thaca fúthu. Mar chuid de sin, caithfear comhar leanúnach feabhsaithe a bheith ann leis na tíortha tionscnaimh agus idirthurais, lena n-áirítear an comhar réigiúnach a neartú i ngníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, rud atá mar ardtosaíocht againn fós. Is cuid thábhachtach de chur chuige an Aontais oiliúint a chur ar Gharda Cósta na Libia agus trealamh a chur ar fáil dóibh agus ba cheart dlús a chur leis an obair sin. Beidh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) agus Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) fós ina gcomhpháirtithe móra againn, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le filleadh deonach a éascú agus coinníollacha glactha a fheabhsú. Daingneofar an comhar leis na tíortha tionscnaimh agus leis na tíortha idirthurais le go maolófar an brú atá á chur ag an imirce ar theorainneacha talún na Libia agus na dtíortha máguaird. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfáth sa chomhthéacs sin a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt d'Fhórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile. Sa Libia agus i gcomharsanacht na Libia, agus in áiteanna eile, is den chéadtosaíocht againn cur isteach ar shamhlacha gnó na smuigléirí daoine agus na ngáinneálaithe ar dhaoine, trí rialú níos fearr a dhéanamh ar thrádáil an trealaimh a bhíonn á úsáid acu.

22. Ba cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh le dul chun cinn ceart a dhéanamh maidir leis an mbeartas um fhilleadh agus athligean isteach. De bhreis ar a bhfuil sa Phlean Gníomhaíochta Athnuaite maidir le Filleadh, cuirfear comhaontuithe dea-fheidhmiúla um athligean isteach agus socruithe pragmatacha le tríú tíortha ar bun ar leibhéal an Aontais gan a thuilleadh moille, trí leas a bhaint as na luamháin uile a d'fhéadfadh a bheith ann, agus é mar chuid de seo go ndéanfar measúnú as an nua ar an mbeartas víosaí i leith tríú tíortha, de réir mar is gá. Cuideoidh na socruithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha freisin leis an gcuspóir sin a bhaint amach.

23. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir leis an athchóiriú ar an gcomhchóras Eorpach tearmainn. A bhuí leis an dul chun cinn mór a rinneadh faoi Uachtaránacht Mhálta, tuigtear do chách gur gá don chomhchóras Eorpach tearmainn athchóirithe an chothromaíocht cheart a aimsiú idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, agus go gcaithfidh teacht aniar a bheith sa chóras sin le go mbeidh sé in ann déileáil leis na géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. Caithfidh an córas a bheith éifeachtúil, caithfidh sé a bheith in ann ag an mbrú ón imirce, caithfidh sé deireadh a chur leis na tosca tarraingthe agus leis na gluaiseachtaí tánaisteacha, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus caithfidh sé an mhí-úsáid a chomhrac agus tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit is measa as. Iarrtar ar an gCoimisiún breathnú ar na réitigh a d’fhéadfadh a bheith ann le cuid den ualach a bhaint de na Ballstáit túslíne. D’fhonn feabhas a chur ar an gcomhar le tríú tíortha, agus teacht roimh aon ghéarchéimeanna nua a d’fhéadfadh a bheith ann, ba cheart an coincheap atá i gceist leis an tríú tír shábháilte a ailíniú leis na ceanglais éifeachtacha a eascraíonn as Coinbhinsiún na Ginéive agus as dlí príomha an Aontais, agus inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi na Conarthaí á n-urramú. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go leanfaí ar aghaidh leis an obair atá á déanamh maidir le liosta an Aontais de thríú tíortha sábháilte. Beidh sé sin mar chuid de chomhaontú foriomlán amach anseo i ndáil leis an gcomhchóras Eorpach tearmainn. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle leanúint leis an gcaibidlíocht ar an mbonn sin agus na tograí reachtacha a leasú de réir mar is gá, le cuidiú gníomhach ón gCoimisiún. Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach ar ais chuig na saincheisteanna seo.

## V. AN EORAIP DHIGITEACH

24. Anois agus sinn ag breathnú uainn ar an gclár oibre as seo go deireadh na bliana, go háirithe an Cruinniú Mullaigh Digiteach i dTaillinn ar an 29 Meán Fómhair 2017, is mian leis an gComhairle Eorpach béim a leagan ar an tábhacht mhór mhillteach a bhaineann le fís uaillmhianach dhigiteach a bheith ann don Eoraip agus do shochaí agus do gheilleagar na hEorpa. Is gá cur chuige iomlánaíoch a bheith ann i leith an domhain dhigitigh má táimid le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá á gcur romhainn ag an gceathrú réabhlóid thionsclaíoch agus na deiseanna a eascróidh aisti a thapú. Chuige sin, caithfear an margadh aonair digiteach gona ghnéithe go léir a chur chun feidhme. Ag an am céanna, ba cheart dúinn breathnú ar mhórphictiúr na margaí, an bhonneagair, na nascachta, na ngnéithe a bhaineann leis an tsochaí agus leis an gcultúr, lena n-áirítear an deighilt dhigiteach, noirm agus caighdeáin, inneachar agus sonraí, infheistíocht, cibearshlándáil, r-rialtas, agus taighde agus forbairt. Is mór ag an gComhairle Eorpach go bhfuil rún ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis chibearshlándála i mí Mheán Fómhair agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe eile a mholadh as seo go deireadh na bliana, agus sinn ag féachaint le tabhairt faoi na dúshláin slándála atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo.